Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10844 – INFRAVIA / P4 / FIBERFORCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 321/06)

1. An 17 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— InfraVia V Invest S.à r.l. (Lucsamburg), eintiteas sainchuspóireach á rialú ag Infravia Capital Partners SAS (Infravia, an Fhrainc),

— P4 sp. zo. o (P4, an Pholainn),

— FiberForce sp z o.o. (Fiberforce, an Pholainn).

Faigheann Infravia agus P4 rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) de EUMR, ar Fiberforce.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le Infravia: bainisteoir infheistíochta thar ceann cistí infheistíochta InfraVia, tiomnaithe d'earnáil an bhonneagair agus d'earnáil na teicneolaíochta, lena n-áirítear bonneagar iompair, comhshaoil, fuinnimh agus sóisialta;

— maidir le P4: ceann de na ceithre Oibreoir Líonraí Móibíleacha atá ar mhargadh miondíola móibílí na Polainne;

— maidir le Fiberforce: soláthair seirbhísí rochtana teileachumarsáide mórdhíola sa Pholainn trína líonra rochtana féin sa teicneolaíocht "Hybrid Fiber-Coaxial" [Snáithín-Comhaiseach Hibrideach] ("HFC") agus sa teicneolaíocht "Fiber-to-the-Home" [Snáithín isteach sa Teach] ("FTTH").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10844 – INFRAVIA / P4 / FIBERFORCE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË